# Cúrsaí Oideachais

*TEG B1: Aonad 6*

## SAN AONAD SEO

**Foghlaimeoidh tú conas:**

- Labhairt faoi chúrsaí oideachais;
- Plé a dhéanamh ar na hábhair acadúla a thaitníonn leat féin agus ar chúrsaí acadúla atá déanta agat;
- Ceisteanna a chur ar dhaoine eile faoi chúrsaí oideachais.

**Díreofar ar na míreanna seo gramadaí:**

- An aimsir fháistineach;
- Céimeanna comparáide na haidiachta;
- Inscne an ainmfhocail – tús an fhocail.



# A: STÓR FOCAL

1. **Dul siar ar an ainm briathartha:** Ar dtús, smaoinigh ar na struchtúir atá foghlamtha go dtí seo agat a bhaineann leis an ainm briathartha. Déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas. Tá an chéad cheann déanta duit:

| | |
|---|---|
| a) I wanted to study French. | Theastaigh uaim staidéar a dhéanamh ar an bhFraincis. |
| b) I had to do my homework. | |
| c) He wanted to learn English. | |
| d) She wanted to go to college and to do science. | |
| e) I had to get a degree. | |
| f) I'd like to see that programme. | |
| g) I'd like to hear Taylor Swift. | |
| h) I want to read that book. | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

2. **Téarmaí a bhaineann le cúrsaí oideachais:** Meaitseáil, le cabhair ón duine atá in aice leat, na focail thíos (Gaeilge–Béarla) nó cliceáil ar an gcód QR agus déan ar Wordwall é!

| | Gaeilge | | Béarla |
|---|---|---|---|
| **1.** | Ardteistiméireacht | **a)** | Masters |
| **2.** | Ollscoil | **b)** | Leaving Certificate |
| **3.** | Coláiste | **c)** | Degree |
| **4.** | Céim | **d)** | Diploma |
| **5.** | Institiúid Teicneolaíochta | **e)** | Junior Certificate |
| **6.** | Ábhair | **f)** | Certificate |
| **7.** | Dioplóma | **g)** | Playschool |
| **8.** | Acadúil | **h)** | Primary school |
| **9.** | Ag freastal ar | **i)** | College |
| **10.** | Teangacha | **j)** | Institute of technology |
| **11.** | Táim ag déanamh staidéir ar an... | **k)** | Subjects |
| **12.** | Scrúduithe | **l)** | Postgraduate degree |
| **13.** | Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas | **m)** | Academic |
| **14.** | Máistreacht | **n)** | Attending |
| **15.** | Teastas Sóisearach | **o)** | Languages |
| **16.** | Teastas | **p)** | Professional Masters in Education |
| **17.** | Cúrsa iarchéime | **q)** | Secondary school |
| **18.** | Naíonra | **r)** | University |
| **19.** | Bunscoil | **s)** | I am studying |
| **20.** | Meánscoil | **t)** | Exams |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: FEASACHT TEANGA

1. **Inscne an ainmfhocail:** Féach ar na focail seo thíos. An féidir leat a rá an firinscneach nó baininscneach atá siad? Bain úsáid as www.teanglann.ie le treoir a fháil má theastaíonn sé uait. Tá an chéad cheann déanta duit.

| | |
|---|---|
| a) An coláiste **FIR.** | g) An teicneolaíocht |
| b) An ollscoil | h) An cúrsa |
| c) An bhunscoil | i) An teastas |
| d) An t-ábhar | j) An múinteoir |
| e) An mháistreacht | k) An mhúinteoireacht |
| f) An Iodáilis | l) An t-eolas |

2. Féach anois ar na hathruithe a thagann ar na hainmfhocail, san uimhir uatha, tar éis an ailt **'an'** *(after* ***'the'*** *– the definite article)* .

| Tús an fhocail | Firinscneach | Baininscneach |
|---|---|---|
| **Ainmfhocail a thosaíonn ar chonsan** | Ní dhéantar aon athrú.<br><br>Bord - an **b**ord<br>Guthán - an **g**uthán | Séimhítear é.<br><br>Bileog - an **bh**ileog<br>Fuinneog - an **fh**uinneog |
| **Ainmfhocail a thosaíonn ar ghuta** | Cuirtear **'t-'** roimhe<br><br>Iarratas - an **t-i**arratas<br>Oifigeach - an **t-o**ifigeach | Ní dhéantar aon athrú.<br><br>Áis - an **á**is<br>Oifig - an **o**ifig |
| **Ainmfhocail a thosaíonn ar *d* agus *t*** | Ní dhéantar aon athrú.<br><br>Táille - an **t**áille<br>Doras - an **d**oras | Ní dhéantar aon athrú.<br><br>Dánlann - an **d**ánlann<br>Tine - an **t**ine |
| **Ainmfhocail a thosaíonn ar *s*** | Ní dhéantar aon athrú.<br><br>Sagart - an **s**agart<br>Seastán - an **s**eastán | Cuirtear **'t'** roimhe<br><br>Seanbhean - an **ts**eanbhean<br>Seachtain - an **ts**eachtain |

3. Anois, cuir an t-alt roimh na hainmfhocail seo agus déan na hathruithe cuí. Tá an inscne tugtha duit: f. = firinscneach; b. = baininscneach.

| | An t-ainmfhocal | An t-alt + an t-ainmfhocal |
|---|---|---|
| a) | Béarla (f.) | An Béarla |
| b) | foghlaim (b.) | |
| c) | Foghlaimeoir (f.) | |
| d) | Seapáinis (b.) | |
| e) | Adhmad (f.) | |
| f) | Adhmadóireacht (b.) | |
| g) | Gearmáinis (b.) | |
| h) | Gearmánach (f.) | |
| i) | Príomhoide (f.) | |
| j) | Bileog (b.) | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: LABHAIRT

**Cad atá ar siúl agat anois?**
Buaileann Máire agus Liam le chéile ar an tsráid. Seanchairde is ea iad agus ní fhaca siad a chéile le fada. Léigh an comhrá eatarthu os ard le do pháirtí.

| | |
|---|---|
| Máire: | Conas atá tú, a Liam, is fada an lá ó chonaic mé tú. An bhfuil tú go maith? |
| Liam: | Táim go hiontach, go raibh maith agat. Conas atá tú féin? Agus conas atá Séamus agus na páistí? Tá na páistí mór anois, is dócha. |
| Máire: | Tá Séamus go diail mar is gnách, agus tá na leanaí fásta suas nach mór! Tá Clíona sa tríú bliain ar an ollscoil anois. |
| Liam: | Ag magadh atá tú! Ní chreidim go bhfuil an aois sin aici! Cad atá ar siúl aici? |
| Máire: | Tá sí ag déanamh staidéir ar an gcuntasaíocht faoi láthair in Ollscoil Mhá Nuad. Deir sí gur mhaith léi a bheith ag obair le cúrsaí airgeadais amach anseo. Is breá léi é. |
| Liam: | Agus is dócha go bhfuil Cathal ar an ollscoil chomh maith? |
| Máire: | Níl, tá Cathal ag freastal ar Ghaelcholáiste Mhaigh Nuad go fóill. Tá sé ag déanamh na hArdteiste i mbliana. Tá sé ar intinn aige innealtóireacht a dhéanamh i gceann de na hollscoileanna i mBaile Átha Cliath. Agus cad fút féin? Cad atá ar siúl agatsa na laethanta seo? |
| Liam: | Táim ag múineadh go fóill ach mar a tharlaíonn, thosaigh mé ar chúrsa páirtaimseartha sa ríomhaireacht le déanaí. |
| Máire: | An bhfuil athrú gairme ar intinn agat? |
| Liam: | B'fhéidir, beidh le feiceáil. Tá an mhúinteoireacht ag éirí an-strusmhar agus ba mhaith liom roghanna eile a bheith agam. |
| Máire: | Ó tuigim do chás. Táim i mo phríomhoide sa scoil anois agus ní bhíonn aon deireadh leis na tascanna! |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

**Rólghníomhaíocht:**

Anois, déan comhrá le do pháirtí, bunaithe ar an eolas thíos. Bígí cinnte go mbeidh abairtí iomlána agaibh agus go gcuirfidh sibh ceisteanna oiriúnacha ar a chéile. Nuair a bheidh an chéad ról déanta ag an mbeirt agaibh, malartaígí róil!

| **Duine A**<br>(Sailí / Séamus) | |
|---|---|
| **Do phost** | Fós ag obair sa bhanc. Ag déanamh scrúduithe cuntasaíochta faoi láthair – ardú céime b'fhéidir. |
| **Do pháistí:** | Beirt; Liam agus Sorcha. |
| **Do mhac:** | Liam – sa 3ú bliain san ollscoil – leigheas. Ag iarraidh dul go dtí an Astráil nuair a bheidh sé cáilithe. |
| **D'iníon:** | Sorcha – sa 5ú bliain ar scoil. Idir dhá chomhairle; gnó nó dlí sa choláiste? |

| **Duine B**<br>(Treasa / Tomás) | |
|---|---|
| **Do phost** | Príomhoide anois sa scoil; sásta sa phost ach tá sé dúshlánach (deacair múinteoirí a fháil, go leor fadhbanna sa seomra ranga!) |
| **Do pháistí:** | Triúr; Aoife, Cian agus Cathal. |
| **D'iníon:** | Aoife – múinteoir bunscoile. Corcaigh. Sásta. |
| **Do mhac is sine:** | Cian – rinne sé an chéad bhliain de chúrsa gnó – míshásta; ag obair i Zara i lár na cathrach. |
| **Do mhac is óige:** | Cathal – Ardteist – is maith leis an ealaín agus tá suim aige sa tsiúinéireacht. |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# D: LÉAMHTHUISCINT

1. Léigh an t-alt thíos ina bhfuil duine ag cur síos ar na hábhair a rinne sé/sí ar scoil. Cuir na focail atá sa cholún ar dheis sna bearnaí cuí **nó** cliceáil ar an gcód QR agus déan ar Wordwall é!

- cinneadh
- D'fhreastail
- dhéanamh
- tuairim
- rogha

- uaim
- fháil
- Fhraincis
- seacht
- Thaitin sé

___________________ mé ar mheánscoil cailíní i gCathair na Gaillimhe. ___________________ go mór liom, caithfidh mé a rá, agus réitigh gach duine go maith le chéile. Rinne mé___________________ n-ábhar don Ardteist – an Ghaeilge, an Béarla, an mhata, an ___________________, an Ghearmáinis, an chuntasaíocht, an bhitheolaíocht agus an ceol. Ní raibh ___________________ agam cad a theastaigh ___________________ a dhéanamh ar an ollscoil.

Thaitin na teangacha go mór liom, bhí mé go maith ag an gcuntasaíocht, cheap mé go raibh an bhitheolaíocht an-suimiúil ar fad agus bhí bua an cheoil agam chomh maith. Ní raibh sé éasca ___________________ a dhéanamh eatarthu, deirim leat. I ndeireadh na dála, chinn mé ar chéim sna dána a dhéanamh i gCorcaigh. Bhí rogha mhaith teangacha acu agus bhí mé in ann staidéar a ___________________ ar an gceol chomh maith.

Táim fíorshásta anois leis an g___________________ a rinne mé. Is múinteoir ceoil agus Spáinnise mé anois agus bíonn an Fhraincis á teagasc agam chomh maith. Ba mhaith liom dul ar ais am éigin agus staidéar a dhéanamh ar an mbitheolaíocht arís. Thaitin an t-ábhar go mór liom ar scoil agus ba mhaith liom a ___________________ amach an bhfuil athruithe móra tagtha ar an réimse sin ó bhí mé ar scoil.

2. **Cuir na paragraif seo san ord ceart agus cuir an scéal le chéile.**

| | |
|---|---|
| **A.** Fuair mé na pointí cuí chun céim sa ghnó a dhéanamh agus tá sí beagnach críochnaithe anois agam. Tá sé i gceist agam cáilíocht a bhaint amach sa chuntasaíocht amach anseo. | **B.** An chéad bhliain a rinne mé é, bhí mé an-leisciúil agus ní raibh suim dá laghad agam i mo chuid ábhar, seachas an chuntasaíocht agus an mhatamaitic. D'éirigh go maith liom sna hábhair sin ach theip orm sa Fhraincis agus sa Bhéarla. Bhí an ghráin dhearg agam ar an bhFraincis ach ní mór pas a bheith agat i dteanga Eorpach chun roinnt cúrsaí ollscoile a dhéanamh. |
| **C.** Mar gheall air sin, rinne mé an cinneadh an ardteist a dhéanamh arís. Rinne mé an-chuid oibre an dara babhta agus d'éirigh liom i ngach scrúdú, buíochas le Dia. | **D.** Rinne mise an Ardteist dhá bhabhta. Bhí mé ró-óg an chéad uair a rinne mé é – ní raibh mé ach 16 bliana d'aois agus ní raibh splanc chéille agam. |

| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| | | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# E: FEASACHT TEANGA

Úsáidtear na focail **'níos'** agus **'ná'** chun comparáid a dhéanamh idir beirt **nó** dhá rud.

- Tá Siobhán **níos sine ná** Stiofán.
- Tá an bríste seo **níos deise ná** an ceann sin.

1. Féach ar na haidiachtaí seo thíos agus cuir **'níos'** rompu:

   a) suimiúil  b) tábhachtach  c) deacair  d) éasca

2. Cad is féidir libh a rá faoi na rialacha a bhaineann leis na haidiachtaí thuas?

Anois féach ar na rialacha ginearálta seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **Aidiachtaí a chríochnaíonn ar:**<br><br>**-úil**<br>**-ach**<br>**-air** | suimiúil<br>tábhachtach<br>deacair | níos suimiúla<br>níos tábhachtaí<br>níos deacra |
| **Aidiachtaí a chríochnaíonn ar ghuta:**<br><br>**Ní athraítear iad** | buí | níos buí<br><br>**Eisceachtaí:**<br>te: níos teo<br>breá: níos breátha<br>fada: níos faide |
| **Cuirtear -e le focail áirithe agus caolaítear iad** | daor<br>ard | níos daoire<br>níos airde |

Féach ar na haidiachtaí seo anois atá mírialta agus rud beag casta:

| | | | |
|---|---|---|---|
| beag | níos lú | álainn | níos áille |
| breá | níos breátha | dian | níos déine |
| furasta | níos fusa | fliuch | níos fliche |
| maith | níos fearr | gearr | níos giorra |
| mór | níos mó | leathan | níos leithne |
| olc | níos measa | ramhar | níos raimhre |
| te | níos teo | saibhir | níos saibhre |

Úsáidtear an chopail **'Is'** agus an struchtúr seo thíos chun a leithéidí seo a rá: *'the smallest', 'the eldest', 'the best', 'the biggest'* etc.

- **Is é** Roddy Doyle an scríbhneoir **is fearr** dá bhfuil ann.
- **Is í** Taylor Swift an t-amhránaí **is cáiliúla** ar domhan.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# TEG B1 Aonad 6
# Cúrsaí Oideachais: Gach Scil

## Céimeanna comparáide na haidiachta

| 3. Scríobh an leagan ceart de na haidiachtaí atá idir lúibíní: | |
|---|---|
| a) Tá sí níos (sásta) agus níos (socair) anois. | |
| b) Seo an lá is (te) agus is (brothallach) a bhí ann le fada. | |
| c) Tá an aiste seo i bhfad níos (fada) agus níos (deacair) ná an ceann deireanach. | |
| d) Tá an aimsir i ndiaidh éirí níos (fliuch) agus níos (fuar) le cúpla lá anuas. | |
| e) Tá an leagan sin níos (soiléir) ná an ceann eile. | |
| f) Tá Seán níos (tarraingteach) ná a dheartháir Pól. | |
| g) Tá an cúrsa i bhfad níos (dian) ná mar a bhí sé anuraidh. | |
| h) Tá an lóistín níos (daor) i nGaillimh i mbliana ná mar a bhí sé anuraidh. | |

| 4. Aistrigh na habairtí thíos agus, ina dhiaidh sin, déan plé ar d'aistriúchán leis an duine atá in aice leat. |
|---|
| a) Maths is the most difficult subject for me. |
| |
| b) Irish is the easiest subject, in her opinion. |
| |
| c) Geography is the most interesting subject at school. |
| |
| d) For me, history is the most important subject. |
| |
| e) Biology is the most boring subject, in my opinion. |
| |
| f) French is my best subject at school. |
| |
| g) Spanish is my worst subject. |
| |
| h) He is the weakest person in the group. |
| |
| i) She is the strongest person in the group. |
| |
| j) Louth is the smallest county in Ireland. |
| |
| k) It is the largest college in Ireland. |
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# F: CLUASTUISCINT

**Daoine ag caint faoi chúrsaí oideachais**

**Tá an traic ar fáil anseo: https://snas.ie/lessons/cursai-oideachais-cursai-acadula**
**Cloisfidh tú gach mír faoi dhó.**

**Mír 1**

| Cé acu de na ráitis seo atá fíor faoi Liam? Bí cúramach – tá níos mó na ceann amháin ceart! | |
|---|---|
| Bhí sé ag múineadh ar feadh tamaill. | |
| Is múinteoir anois é. | |
| Tá staidéar déanta ag Liam ar an eolaíocht agus ar an ngnó. | |
| Tá sé ag obair san earnáil phoiblí anois. | |

**Mír 2**

| Cé acu de na ráitis seo atá fíor? Bí cúramach – tá níos mó na ceann amháin fíor! | |
|---|---|
| Tá Ultan agus Bríd ag freastal ar chúrsa Gearmáinise. | |
| Níl Bríd róthógtha leis an ngramadach. | |
| Tá sé i gceist ag Ultan éirí as an gcúrsa. | |
| Ceapann Ultan go bhfuil an cúrsa dúshlánach. | |
| B'fhearr le hUltan dá gcuirfí níos mó béime ar an stór focal. | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# G: LABHAIRT

## Plé ar chúrsaí acadúla

1. **Ransú smaointe:** Anois, bí ag obair le do pháirtí agus cuirigí liosta le chéile sa bhosca thíos de na hábhair a mbíonn daoine ag déanamh staidéir orthu ar an meánscoil agus ar an ollscoil.

- An Béarla
- An Eolaíocht

2. **Obair ghrúpa: déanaigí plé ar na ceisteanna seo thíos.**

a) Cá raibh tú ar an mbunscoil? Déan cur síos ar an scoil. Ar thaitin sí leat?

b) Cá raibh tú ar an meánscoil? Déan cur síos uirthi. Ar thaitin sí leat?

c) Cén t-ábhar ba mhó a thaitin leat nuair a bhí tú sa mheánscoil? Cén fáth?

d) Cén t-ábhar ba lú a thaitin leat nuair a bhí tú sa mheánscoil? Cén fáth?

e) Ar thaitin na teangacha leat ar scoil? Cén fáth?

f) Cén múinteoir is mó a chuaigh i bhfeidhm ort riamh? Déan cur síor air/uirthi.

g) An bhfuil tú fós cairdiúil le do chairde ón mbunscoil agus/nó ón meánscoil?

h) An bhfuil cúrsa tríú leibhéal á dhéanamh agat faoi láthair nó an bhfuil ceann déanta agat cheana? Déan cur síos air. Cén cúrsa atá / a bhí ann? Cén fhad atá / a bhí sé? Cén cháilíocht a bhaineann / a bhain leis?

i) Cén rud is mó a thaitin leat faoin gcúrsa / faoi na cúrsaí atá déanta agat ó d'fhág tú an mheánscoil?

j) Cad iad na dúshláin is mó a bhaineann le cúrsaí oideachais tar éis na meánscoile?

k) Ar fhreastail tú ar ollscoil thar lear riamh? Murar fhreastail, ar mhaith leat é sin a dhéanamh?

l) Ó aimsir na paindéime, tá an-chuid daoine ag déanamh cúrsaí ar líne. An dtaitníonn cúrsaí ar líne leatsa, mar fhoghlaimeoir?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# H: FEASACHT TEANGA

## Na Briathra Rialta san Aimsir Fháistineach

### Deirí na mBriathra

(a) Más briathar aonsiollach é (m.sh. 'tóg', 'cuir'), cuirtear '-faidh' nó '-fidh' leis.

| | |
|---|---|
| Tóg**faidh** mé/tú/sé/sí | Cuir**fidh** mé/tú/sé/sí |
| Tóg**faimid /** Tóg**faidh** muid | Cuir**fimid /** Cuir**fidh** muid |
| Tóg**faidh** sibh/siad | Cuir**fidh** sibh/siad |

(b) Briathra ar leith a chríochnaíonn ar '-áil' agus '-áin' (m.sh. 'marcáil', 'taispeáin')

| | |
|---|---|
| Taispe**ánfaidh** mé/tú/sé/sí | Marc**álfaidh** mé/tú/sé/sí |
| Taispe**ánfaimid** / Taispeánfaidh muid | Marc**álfaimid** / Marc**álfaidh** muid |
| Taispe**ánfaidh** sibh/siad | Marc**álfaidh** sibh/siad |

(c) Más briathar ilsiollach é a chríochnaíonn ar '-(a)igh' (m.sh. 'ceannaigh', 'bailigh'), cuirtear '-óidh' nó '-eoidh' leis.

| | |
|---|---|
| Ceann**óidh** mé/tú/sé/sí | Bail**eoidh** mé/tú/sé/sí |
| Ceann**óimid** / Ceann**óidh** muid | Bail**eoimid /** Bail**eoidh** muid |
| Ceann**óidh** sibh/siad | Bail**eoidh** sibh/siad |

(d) Briathra ilsiollacha ar leith a chríochnaíonn ar '-(a)in', '-(a)il' '-ir' agus '-is' (m.sh. 'cosain, 'inis'), fágtar an consan deireanach ach tógtar amach an guta / na gutaí roimhe sin, agus cuirtear '-óidh' nó '-eoidh' leo.

| | |
|---|---|
| Cosn**óidh** mé/tú/sé/sí | Ins**eoidh** mé/tú/sé/sí |
| Cosn**óimid /** Cosn**óidh** muid | Ins**eoimid /** Ins**eoidh** muid |
| Cosn**óidh** sibh/siad | Ins**eoidh** sibh/siad |

### Ceisteanna agus Freagraí

- Nuair a bhítear ag cumadh ceisteanna san aimsir fháistineach, cuirtear na rialacha céanna i bhfeidhm is a chuirtear san aimsir láithreach – cuirtear urú ar chonsain agus ní dhéantar aon athrú ar ghutaí:

| | |
|---|---|
| **An g**cuirfidh tú na plátaí sa chófra, le do thoil?<br>Cuirfidh. | **An** ólfaidh tú cupán caife in éineacht liom?<br>Ólfaidh. |

- Nuair a bhítear ag tabhairt freagra diúltach ar cheist, cuirtear **séimhiú** ar an mbriathar:

| | |
|---|---|
| **An nd**éanfaidh tú an turas go Gaillimh?<br>**Ní dh**éanfaidh i mbliana. | **An** íosfaidh tú rud éigin?<br>**Ní** íosfaidh, go raibh maith agat. |

| Scríobh an leagan ceart de na briathra atá idir lúibíní. | |
|---|---|
| a) (An: seol: tú) an litir seo dom? | |
| b) (An: ceannaigh: tú) an nuachtán dom? | |
| c) (An: imir: tú) cluiche leadóige liom? | |
| d) (An: dún: tú) doras na hoifige anocht? | |
| e) (An: oscail: tú) an comhad dom, le do thoil? | |
| f) (An: inis: sí) gach rud dó? | |
| g) (An: taispeáin: tú) an ríomhphost dom? | |
| h) (An: cuir: tú) ar an eolas faoin gcruinniú mé? | |

## Na Briathra Neamhrialta

| Briathar | 1-3ú pearsa uatha | 1-3ú pearsa iolra | Ceisteach | Diúltach |
|---|---|---|---|---|
| **Abair** | Déarfaidh mé<br>Déarfaidh tú<br>Déarfaidh sé/sí | Déarfaimid / Déarfaidh muid<br>Déarfaidh sibh<br>Déarfaidh siad | An ndéarfaidh? | Ní déarfaidh |
| **Beir** | Béarfaidh mé<br>Béarfaidh tú<br>Béarfaidh sé/sí | Béarfaimid / Béarfaidh muid<br>Béarfaidh sibh<br>Béarfaidh siad | An mbéarfaidh? | Ní bhéarfaidh |
| **Bí** | Beidh mé<br>Beidh tú<br>Beidh sé/sí | Beimid / Beidh muid<br>Beidh sibh<br>Beidh siad | An mbeidh? | Ní bheidh |
| **Clois** | Cloisfidh mé<br>Cloisfidh tú<br>Cloisfidh sé/sí | Cloisfimid / Cloisfidh muid<br>Cloisfidh sibh<br>Cloisfidh siad | An gcloisfidh? | Ní chloisfidh |
| **Déan** | Déanfaidh mé<br>Déanfaidh tú<br>Déanfaidh sé/sí | Déanfaimid / Déanfaidh muid<br>Déanfaidh sibh<br>Déanfaidh siad | An ndéanfaidh? | Ní dhéanfaidh |
| **Faigh** | Gheobhaidh mé<br>Gheobhaidh tú<br>Gheobhaidh sé/sí | Gheobhaimid / Gheobhaidh muid<br>Gheobhaidh sibh<br>Gheobhaidh siad | An bhfaighidh? | Ní bhfaighidh |
| **Feic** | Feicfidh mé<br>Feicfidh tú<br>Feicfidh sé/sí | Feicfimid / Feicfidh muid<br>Feicfidh sibh<br>Feicfidh siad | An bhfeicfidh? | Ní fheicfidh |
| **Ith** | Íosfaidh mé<br>Íosfaidh tú<br>Íosfaidh sé/sí | Íosfaimid / Íosfaidh muid<br>Íosfaidh sibh<br>Íosfaidh siad | An íosfaidh? | Ní íosfaidh |
| **Tabhair** | Tabharfaidh mé<br>Tabharfaidh tú<br>Tabharfaidh sé/sí | Tabharfaimid / Tabharfaidh muid<br>Tabharfaidh sibh<br>Tabharfaidh siad | An dtabharfaidh? | Ní thabharfaidh |
| **Tar** | Tiocfaidh mé<br>Tiocfaidh tú<br>Tiocfaidh sé/sí | Tiocfaimid / Tiocfaidh muid<br>Tiocfaidh sibh<br>Tiocfaidh siad | An dtiocfaidh? | Ní thiocfaidh |
| **Téigh** | Rachaidh mé<br>Rachaidh tú<br>Rachaidh sé/sí | Rachaimid / Rachaidh muid<br>Rachaidh sibh<br>Rachaidh siad | An rachaidh? | Ní rachaidh |

**Aistrigh na habairtí thíos agus, i ndiaidh sin, déan plé ar d'aistriúchán leis an duine atá in aice leat.**

a) Will you see Seán later? Yes/No.

b) Will you give me the details, please?

c) Will we go there together? Yes!

d) I'll do a course in education next year.

e) Will we eat now?

f) Will you do that now, please? No!

# I: SCRÍOBH

### Ríomhphost chuig cara

Thosaigh tú ar chúrsa nua sa choláiste le déanaí agus faigheann tú ríomhphost ó do chara Tríona, ag fiosrú faoi.

**Ó:** triona@gmail.com

**Chuig:** sorcha@gmail.com

**Dáta:** 17 Deireadh Fómhair 2024

Haigh a Shorcha, ní rabhamar ag caint le fada! Conas atá an saol? Bhí Liam á rá liom go bhfuil tú ag déanamh cúrsa nua sa choláiste. An bhfuil tú sásta leis? Tá súil agam go bhfuil!

**Scríobh ríomhphost chuig Tríona mar fhreagra agus luaigh na pointí seo a leanas:**

- An cúrsa atá ar siúl agat agus an áit.
- An fáth a bhfuil an cúrsa á dhéanamh agat.
- Na rudaí a thaitníonn leat faoi.
- Rud amháin nach dtaitníonn leat faoi.

**Ní gá dul thar 200 focal.**

A Thríona, a chara,

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| **Ceist(eanna) atá agam go fóill:** |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**Líon isteach na heochairfhocail ón aonad seo:**

| | Gaeilge | Béarla | | Gaeilge | Béarla |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | | | 16. | | |
| 2. | | | 17. | | |
| 3. | | | 18. | | |
| 4. | | | 19. | | |
| 5. | | | 20. | | |
| 6. | | | 21. | | |
| 7. | | | 22. | | |
| 8. | | | 23. | | |
| 9. | | | 24. | | |
| 10. | | | 25. | | |
| 11. | | | 26. | | |
| 12. | | | 27. | | |
| 13. | | | 28. | | |
| 14. | | | 29. | | |
| 15. | | | 30. | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AN SCRIPT

### Mír 1 (00:00 – 01:07)

**Mary:** Dia duit a Liam.

**Liam:** Dia is Muire duit.

**Mary:** Anois, cad iad na cáilíochtaí atá agat?

**Liam:** Rinne mé an Ardteistiméireacht sa bhliain nócha is a cúig. Chuaigh mé ansin go dtí Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus bhain mé céim onóracha san eolaíocht amach. Chuaigh mé ag taisteal ansin ar fud an domhain ar feadh dhá bhliain. Nuair a tháinig mé ar ais rinne mé máistreacht i Maigh Nuad. Chaith mé dhá bhliain ag obair mar theagascóir ansin go dtí go bhfuair mé post mar státseirbhíseach i lár na cathrach sé bliana ó shin. Fuair mé dioplóma sa ghnó anuraidh.

### Mír 2 (01:08 – 02:20)

**Bríd:** Ó haigh, a Ultain, cén chaoi a bhfuil tú? An bhfuil tú ag dul go dtí an rang Spáinnise anocht?

**Ultan:** Is dócha! Sílim féin go bhfuil an leibhéal beagán ródheacair dom. An bhfuil tú féin ag dul?

**Bríd:** Tá. Tá cinnte. Is breá liom an rang, caithfidh mé a rá. D'fhreastail mé ar rang anuraidh agus bhí barraíocht béime ar an scríobh. Is maith liom an rang seo mar bíonn an deis againn labhairt agus a bheith ag cleachtadh.

**Ultan:** Sin an fhadhb domsa! Bíonn an iomarca cainte ann agus níl mórán d'fhoclóir agam le comhrá ceart a bheith agam le héinne! Mothaím caillte go minic.

# FREAGRAÍ

## A:STÓR FOCAL

**1.**

a) Bhí mé ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar an bhFraincis.
b) Bhí orm m'obair bhaile a dhéanamh.
c) Bhí sé ag iarraidh Béarla a fhoghlaim.
d) Theastaigh uaithi dul go dtí an coláiste agus an eolaíocht a dhéanamh.
e) Bhí orm céim a bhaint amach.
f) Ba mhaith liom an clár sin a fheiceáil.
g) Ba mhaith liom Taylor Swift a chloisteáil.
h) Ba mhaith liom an leabhar sin a léamh.

**2.**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| b | r | i | c | j | k | d | m | n | o | s | t | p | a | e | f | l | g | h | q |

## B: FEASACHT TEANGA

**1.**

| | |
|---|---|
| a. An coláiste **fir.**<br>b. An Ollscoil **bain.**<br>c. An bhunscoil **bain.**<br>d. An t-ábhar **fir.**<br>e. An mháistreacht **bain.**<br>f. An Iodáilis **bain.** | g. An teicneolaíocht **bain.**<br>h. An cúrsa **fir.**<br>i. An teastas **fir.**<br>j. An múinteoir **fir.**<br>k. An mhúinteoireacht **bain.**<br>l. An t-eolas **fir.** |

**3.**

a) An Béarla
b) **An** f**h**oghlaim
c) **An** foghlaimeoir
d) **An t**Seapáinis
e) **An t-**adhmad
f) **An** adhmadóireacht
g) **An** G**h**earmáinis
h) **An** Gearmánach
i) **An** príomhoide
j) **An** b**h**ileog

## D: LÉAMHTHUISCINT

1.
1. D'fhreastail
2. Thaitin sé
3. seacht
4. an Fhraincis
5. tuairim
6. uaim
7. rogha
8. dhéanamh
9. cinneadh
10. fháil

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

2.

| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| **D** | **B** | **C** | **A** |

## E: FEASACHT TEANGA

1.

a) níos suimiúla
b) níos tábhachtaí
c) níos deacra
d) níos éasca

3.

a) Níos sásta, níos socra
b) Is teo, is brothallaí
c) Níos faide, níos deacra
d) Níos fliche, níos fuaire
e) Níos soiléire
f) Níos tarraingtí
g) Níos déine
h) Níos daoire

4.

a) Is í an mhatamaitic an t-ábhar is deacra domsa.
b) Is í an Ghaeilge an t-ábhar is fusa dar léi.
c) Is í an tíreolaíocht an t-ábhar is suimiúla ar scoil.
d) Is é an stair an t-ábhar is tábhachtaí domsa.
e) Is í an bhitheolaíocht an t-ábhar is leadránaí, dar liom.
f) Is í an Fhraincis an t-ábhar is fearr atá agam ar scoil.
g) Is í an Spáinnis an t-ábhar is measa atá agam.
h) Is é an duine is laige sa ghrúpa é.
i) Is í an duine is láidre sa ghrúpa í.
j) Is é Co. Lú an contae is lú in Éirinn.
k) Is é an coláiste is mó in Éirinn é.

## F:CLUASTUISCINT

**Mír 1**

| Cé acu de na ráitis seo atá fíor faoi Liam? Bí cúramach – tá níos mó na ceann amháin ceart! | |
|---|---|
| Bhí sé ag múineadh ar feadh tamaill. | X |
| Is múinteoir anois é. | |
| Tá staidéar déanta ag Liam ar an eolaíocht agus ar an ngnó. | X |
| Tá sé ag obair san earnáil phoiblí anois. | X |

**Mír 2**

| Cé acu de na ráitis seo atá fíor? Bí cúramach – tá níos mó na ceann amháin fíor! | |
|---|---|
| Tá Ultan agus Bríd ag freastal ar chúrsa Gearmáinise. | Bréagach |
| Níl Bríd róthógtha leis an ngramadach. | Bréagach |
| Tá sé i gceist ag Ultan éirí as an gcúrsa. | Bréagach |
| Ceapann Ultan go bhfuil an cúrsa dúshlánach. | Fíor |
| B'fhearr le hUltan dá gcuirfí níos mó béime ar an stór focal. | Fíor |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# H: FEASACHT TEANGA

1.

a) An seolfaidh tú
b) An gceannóidh tú
c) An imreoidh tú
d) An ndúnfaidh tú
e) An osclóidh tú
f) An inseoidh sí
g) An dtaispeánfaidh tú
h) An gcuirfidh tú

2.

a) An bhfeicfidh tú Seán níos déanaí? Feicfidh / Ní fheicfidh.
b) An dtabharfaidh tú na sonraí dom, le do thoil? Tabharfaidh / Ní thabharfaidh.
c) An rachaimid ann le chéile? Rachaidh!
d) Déanfaidh mé cúrsa san oideachas an bhliain seo chugainn.
e) An íosfaimid / An íosfaidh muid anois?
f) An ndéanfaidh tú sin anois, más le do thoil é? Ni dhéanfaidh!

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad